

## LÚIREACH CHRÍOSD FAN gCALBHACH RUADH

**A**R FEADH m'eolais, níl ach cóip amháin den dán seo ar marthain, agus tá sí sin ar leathanaigh 344–5 de lámhscríbhinn G 167 (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann), duanaire dánta ar chlann Dálaigh ar scríobhadh an chuid de a bhaineann le hábhar anseo sa bhliain 1727.<sup>1</sup>

Tá sé ar cheann de naoi ndán sa lámhscríbhinn sin don phátrún céanna, an Calbhach Ruadh mac Maghnasa mhic Cuinn Óig (†1601) mhic Cuinn (†1583) mhic an Chalbhaigh (†1566) Uí Dhomhnaill. Is léir ó dhánta eile acu sin gur tháinig an Calbhach ó Thír Chonaill go Ros Comáin am éigin i lár na 17ú haoise — go luath i ndiaidh chogaidh 1641, is dócha. Cé gur cosúil gur dfríodh é as a áit dhúchais, níl tagairt ar bith dó, go bhfios dom, i gcáipéisí rialtais comhaimseartha, agus níl aon fhianaise ann gur bhronn na húdaráis tailte air i gCúige Chonnacht.<sup>2</sup>

Is fearr i bhfad an cur amach atá againn ar údar an dáin, Muiris mac Briain Óig Uí Mhaoil Chonaire, a bhfuil a lán mionsonraí faoina shaol le fáil i marbhna air, *Damhna eòlchuire ég Mhuiris*;<sup>3</sup> mar shampla, a ghinealach: *Mac Briain Óig mhic B[h]riain mhic M[h]aoilín / mhic T[h]orna Mhóir mhúinte sgol*;<sup>4</sup> tagairtí dó mar sheanchaí, mar shloinnteoir, mar fhile agus mar ollamh;<sup>5</sup> cur síos air mar cheann fine;<sup>6</sup> agus

<sup>1</sup>Tá cur síos cuimsitheach ar an lámhscríbhinn seo le fáil in T. Ó Cléirigh, 'A poem book of the O Donnells', *Éigse* 1/1 (1939) 51–61, 1/2 (1939) 130–142.

<sup>2</sup>Gheofar tuilleadh eolais faoin gCalbhach Ruadh agus faoi na dánta eile dó in E. Mac Cárthaigh (ed.), 'Three poems by Maol Muire Ó hUiginn to An Calbhach Ruadh Ó Domhnaill', *Ériu* 48 (1997) 59–82, ag 59–60.

<sup>3</sup>'Muiris's death is a cause of sorrow'. Tá an dán seo ar bhileog atá fuaite isteach idir lgh 208–9 de lámhscríbhinn C.iv.1 ARÉ.

<sup>4</sup>Línte 3ab, 'son of Brian Óig son of Brian [a fuair pardún sa bhliain 1583; féach T. F. O'Rahilly, 'Irish poets, historians and judges in English documents, 1538–1615', *PRIA* 36 C (1922) 86–120, § 73] son of Maoilín [a fuair bás sa bhliain 1519, *Ann. Conn.*] son of Torna Mór [a fuair bás sa bhliain 1468, *Ann. Conn.*] who taught schools'.

<sup>5</sup>Féach *an file fíor* (líne 21d), 'the true poet'; *Seancha[idh] saor is deighfhear dána* (25a), 'a noble seanchaidh and a good poet'; *flaith fhomhtha [sic], fáidh is file* (4c), 'a proven prince, a prophet and a poet'; *Sgr'ibhneoir, léughthóir leabhor ndorcha* (16a), 'writer, reader of diffi cult books'; *fear ar ar thál frémh don fhoghluim* (16c), [ag léamh frémh dá foghlaim ar mhaithe leis an meadaracht:] 'a man for whom learning a [genealogical] root produced a yield'; *ollamh Cruachan an chláir mhín* (4b), 'ollamh of Cruachain of the smooth plain'; *ollamh toghtha chuire Chruachan* (17c), 'the choice ollamh of Cruachain's band'; *ollamh sluaigh Mhoighe Maoin* (24d), 'the ollamh of Maonmhagh's host'.

<sup>6</sup>Féach *ceann d'a chineadh* (2c), 'a leader for his family'; *fear eagair* (20c), 'organiser'; anois go bhfuil sé marbh, tá a mhuintir *gan c[h]eann fine* (19b), 'without a family head'. Dfíol suime é, mar sin féin, nach bhfuil sé ar dhuine de na mionuaisle de chuid chlann Chonaire Ros Comáin a bhfuil a n-ainmneacha i ndaonáireamh 1659; is iad sin 'Jno [sic] Conry, gent.', 'Olin Conry, gent.' agus 'Bryan Mulconry, gent.' (féach S. Pender (ed.), *A census of Ireland, circa 1659* (Baile Átha Cliath 1939) 577, 582); seans gur dheartháir le Muiris (mac Briain Óig mhic Bhriain) é an 'Bryan' seo.

an t-eolas go raibh cónaí air i gCluain Seancha,<sup>7</sup> go bhfuair sé bás sa bhliain 1664<sup>8</sup> agus gur adhlacadh é i gCill Trostáin.<sup>9</sup>

Is dócha gurb ionann é, mar sin, agus an ‘Maurice ô Mulconry’ ar leis dhá cheathrú talún (in ‘Coyle Clough’ agus ‘Carrowgarry’ faoi seach) i mbaile biataigh ‘Clonshannagh’ i bparóiste ‘Kiltristan’ (i gCo. Ros Comáin) sa bhliain 1641.<sup>10</sup> B’fhéidir gurb ionann é, chomh maith, agus an ‘Maurice O Mul(l)conry’ a raibh gabháltas ina sheilbh (in ‘Clonehye’, ‘Dromavollan’ agus ‘Clonymullin’) i bparóiste ‘Cloncraw’ (in aice le paróiste Chill Trostáin) sa bhliain chéanna.<sup>11</sup> Is cosúil, ó léarscáileanna a rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis sa 19ú haois, go raibh na tailte seo teorainn ar theorainn le Cluain Seancha; sna léarscáileanna sin, tá bailte fearainn ‘Cloonshannagh’, ‘Cloonahée’, ‘Corgarrow’ (ionann is ‘Carrowgarry’ thuas ?), agus ‘Drommullin’ (ionann is ‘Dromavollan’ thuas, is dócha) díreach in aice lena chéile. Ní féidir bheith deimhin de, áfach, gur lenár bhfile, Muiris mac Briain Óig, na tailte seo i bparóiste ‘Cloncraw’. Is éard is cúis leis an deacracht seo ná go bhfuil a fhios againn go raibh cónaí ar fhear eile darbh ainm Muiris Ó Maoil Chonaire — Muiris mac Torna an uair seo — sa cheantar céanna go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1645.<sup>12</sup> Tá tagairt eile don ghabháltas in ‘Clonehye’ i gcáipéisí

<sup>7</sup>Féach a gCluain Seancha [léigh Seanchadh?] ... / fuair do chách a mian gan mhaoidhiomh / géir ghnáth triall na n-aoidhíodh ann (rann 23), ‘in Cluain Seancha, he got everyone what they wanted without boasting, although it was usual for guests to be going there’.

<sup>8</sup>Féach *Míle bliadhan — ceart an chuimhne! — / a ceathair, seasga is sé c[h]éd / ó ghein Dé go a oighidh úain[n]e / gné roidhil far buaine ar mbéd* (rann 36), ‘One thousand, six hundred and sixty-four years — the memory is correct! — [have passed] from God’s birth to the departure from us in death of the intensely bright aspect on account of whom our sorrow is most lasting’.

<sup>9</sup>Féach *A Cheall Trostáin tarla ad charcair / ceann cothuighthe ceall is cliar* (línte 29ab), ‘O Ceall Trosdáin, the leader who sustained [no] the leading sustainer of] churchmen and poets happens to be in your prison’. Tá tagairt don áit seo ag Fear Feasa Ó Maoil Chonaire i ndán eile sa chnuasach naoi ndán don Chalbhach Ruadh, *Mo-chean do[d] chuairt, a Chalbhaigh* (G 167, 339), agus é ag cur fáilte roimh an gCalbhach go Baile Uí Mhaoil Chonaire (féach Mac Cárthaigh, ‘Three poems by Maol Muire Ó hUiginn’, 59): *Dén Leithbhear don Chr’chtaigh c[h]’aidh / Doire caomh do Chill Trosdáin* — gan c[h]lódh ’os ceannghlas a cruth — / is Bearnas Mór don Mhulluch (rann 23, lch 341), ‘Make a Lifford of spotless An Chr’éachtach [i.e. Creta townland, adjoining today’s Kiltristan townland], a beautiful Derry of Ceall Trosdáin — unsurpassed because its form is green-topped — and a Barnesmore of An Mullach’.

<sup>10</sup>R. C. Simington (ed.), *Books of survey and distribution, iii, County of Roscommon* (Baile Átha Cliath 1949) 74.

<sup>11</sup>*Ibid.* 87.

<sup>12</sup>Chum an fear seo, Muiris mac Torna Uí Mhaoil Chonaire, roinnt dánta molta; mar shampla, is é a chum *Gabhaidh mo shuirghe a Shior Lúciás* (A.v.2 ARÉ, lch 20); tá dánta eile dá chuid in eagar ag C. McGrath (‘Two skilful musicians’, *Éigse* 7/2 (1953) 84–7) agus T. Ó Raghallaigh (*Filí agus filidheacht Chonnacht* (Baile Átha Cliath 1938) 283–93). Tá bliain a bháis le fáil i rann 24 de mharbhna air, *Máthair na horchra an éigsi* (in eagar: R. Ó Muireadhaigh, ‘Marbhna ar Mhuiris mac Torna Uí Mhaoilchonaire’, *Éigse* 15/3 (1974) 215–21). Chabhraigh sé leis na ‘ceithre máistrí’ ar feadh míosa, agus bhí cónaí air i gCo. Ros Comáin: féach *As iatt na croinícidhe 7 an taos ealadhna do bháttor ag*

ó athphlandáil 1654–58 ('athphlandáil Chromail'), mar a bhfuil an t-eolas gur choinnigh 'Morris Conry' seilbh ar 61 acra in 'Cloonahée' i bparóiste 'Clooncraft'.<sup>13</sup> Is é is dóichí ná gur le húdar ár ndáin-ne, Muiris mac Briain Óig, an gabháltas áirithe seo — ós rud é, mar atá feicthe againn, gur cailleadh Muiris mac Torna i 1645.

Is féidir ceithre dhán a chur síos do Mhuiris mac Briain Óig Uí Mhaoil Chonaire le cinnteacht: (i) an dán atá in eagar anseo; (ii) *Beannacht chugaibh, a Chalbhaigh* (in eagar ón lámhscríbhinn chéanna ag Walsh, *BAR* ii 152–5),<sup>14</sup> don phátrún céanna, an Calbhach Ruadh Ó Domhnaill; (iii) *Roinnfi od cách ré cléir Banbha* (C.iv.1 ARÉ, 174 agus 186), d'Fhéilim mac Éamainn Mhic Dhubhghaill agus dá bhean, Anas-dás; agus (iv) *Do-dhén seanchas ar fhuil Fhíac[h]aidh* (C.iv.1 ARÉ, 168), d'Uilliam mac Uaithne mhic Laoighsigh Uí Mhaoil Mhuaidh. Chomh maith leis sin, is dócha gurb é féin atá i gceist leis an *Muiris mac Briain Óig* (gan sloinne) a chum na ceithre dhán seo a leanas (in A.v.2 ARÉ) do Shior Lucas Dillon (ag a raibh tailte fairsinge i gCo. Ros Comáin)<sup>15</sup> agus (i gcás trí cinn acu) dá bhean, Jane Moore: (v) *Fada go ttoir tríath Airtigh* (lch 21 den lámhscríbhinn); (vi) *Cuirfi od commaoín ar charaid* (lch 22); (vii) *A fhir fhágbhus Inis Cuinn* (lch 23; do Shior Lucas amháin); agus (viii) *Cia aineacas inn ar leathtrom* (lch 25).

Ní féidir a rá go cinnte cathain a cumadh an dán atá in eagar anseo. Ós rud é, mar atá feicthe againn, go raibh cónaí ar Mhuiris i gCo. Ros Comáin, is é is dóichí ná go mbaineann sé leis an tréimhse — ó lár na 1650í ar aghaidh (?) — a chaith an Calbhach Ruadh sa chontae sin. Ar ndóigh, caithfidh gur cumadh é roimh dheireadh 1664 (féach thuas).

Díol suime é gur dócha go raibh tionchar ag túslíne an dáin seo ar líne thosaigh an dáin *Lúiríoch Chríost fā chosaibh Thaidhg*,<sup>16</sup> a chum duine muinteartha de chuid Mhuiris, Peadar Ó Maoil Chonaire, sa bhliain 1696.

San eagrán seo, mé féin faoi deara ceannlitreacha agus poncaíocht. Tá macrain úsáidte agam chun síntí fada nach bhfuil sa lámhscríbhinn a chur isteach. Tá noda gan athbhrí scaoilte agam i ngnáthchló (gan

---

*sgríobhadh [sic] an leabhair sin adubhromar an brathair Míchél Ó Cléirigh, Muiris mac Torna Uí Mhaoilchonaire fri ré aoinmhíosa, Fearfesa mac Lochlainn Uí Mhaoilchonaire a contae Rossa Commáin ina ndís ...* (P. Walsh, *Gleanings from Irish manuscripts* (2ú heagrán; Baile Átha Cliath 1933) 75), 'The chroniclers and learned men who were writing the aforesaid book [i.e. the 'Annals of the four masters'] were: Brother Míchéal Ó Cléirigh, Muiris son of Torna Ó Maoil Chonaire for the period of a month, Fear Fesa son of Lochlainn Ó Maoil Chonaire —both [i.e. Muiris and Fear Feasa] from the county of Roscommon ...'

<sup>13</sup>R. C. Simington (ed.), *The transplantation to Connacht: 1654–58* (Baile Átha Cliath 1970) 274.

<sup>14</sup>i.e. P. Walsh (ed.), *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill* ii, Irish Texts Society XLV (Baile Átha Cliath 1957, athchló 1994); tá giorrúcháin eile mar atáid in *DIL* (dlútheagrán; Baile Átha Cliath 1983).

<sup>15</sup>Féach, mar shampla, Simington, *Transplantation*, 239.

<sup>16</sup>In eagar: H. R. McAdoo, 'Three poems by Peadar Ó Maoilchonaire', *Éigse* 1/3 (1939) 160–166, ag 162–4.

aird an léitheora a dhíriú orthu). Noda a bhféadfaí iad a scríobh amach ina n-iomláine ar shlite éagsúla, tá siad scaoilte agam i gcló iodálach. Tá caighdeánú déanta agam os íseal ar litriú na lámhscríbhinne ar na bealaí seo a leanas: *o(i)*, *u(i)* neamhaiceanta > *a(i)*; *-i* neamhaiceanta ag deireadh focail > *-e*; *-é-* roimh chonsan leathan > *-éa-*; *cc-* > *gc-*; *tt-* > *dt-*. Is idir lúibíní cearnacha atá litreacha breise eile (nach bhfuil sa lámhscríbhinn) curtha isteach agam. I gcás athruithe eile, gheofar léamha lámhscríbhinne i ndiaidh théacs an dáin.

Taobh amuigh de chúpla eisceacht, níl rialacha teanga ná meadarachta an dáin dhírigh (do *dheibhidhe*) arna sárú i leagan na lámhscríbhinne den dán seo. Ós rud é, áfach, go bhfuil an chuma air go bhfuil dhá cheann de na heisceachtaí seo deimhnithe ag an meadaracht (féach línte 2c, 4a), níl aon choigeartú suntasach déanta agam leis an dán a chur in oiriúint do na rialacha sin. Fágann sé sin cúpla foirm/úsáid neamhchlasaiceach nach bhfuil coigeartaithe agam (féach línte 6a, 6b, 6c). Gheofar plé orthu seo uile sna nótaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhairle na nIontaobhaithe, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, as cead a thabhairt dom an dán seo a fhoilsiú as lámhscríbhinn dá gcuid. Táim faoi chomaoin ag an Ollamh Cathal Ó Háinle agus ag an Ollamh Damian McManus, a léigh bundréachtaí den alt seo is a rinne moltaí éagsúla atá curtha san áireamh agam sa leagan deiridh de. Mé féin, ar ndóigh, faoi deara aon bhotún nó dearmad.

#### TÉACS

Muiris mac Briain Óig Uí Mhaoil C[h]onaire do rinne an dán-sa don Chalbhadh Ruadh rēamhráite:

1. Lūireach Chríod fan gCalb[h]ach Ruadh,  
cosg biodhb[h]adh, ceannp[h]ort cathshluagh,  
an ré lán dar treise ar dtoil;  
rob slán dar seise suthain.
2. Críod dā anacal ar olc;  
Dia dā dhídean ar ghuasacht;  
dā bhíodhbhaidh nī séad samhail,  
géag don ríoghraidh ríoghamhail.
3. Tre ghuidhe na hÓighe air,  
Dia do choimhead an Chalbhaigh  
ar ainmhian cáich uma cheann,  
an ghla[i]nghrian o ráith Raoireann.
4. Neart biodhb[h]adh nar imghe air,  
an Calb[h]ach, ar gcrann toraidh,  
's nach mair do shaorchrú chláir Cuinn  
acht aonchnú a-mháin an mhogaill.

5. Go bráth nar faghthar ar faille  
crann toraidh Thíre Conaill —  
dar linn, as crann sochair sin —  
am a d[h]ochair do dhéinimh.
6. Fuilngeadh fós a b[h]fuighe d'olc;  
nā gabhadh grāin le guasacht;  
féinnidh fial nar adhain guth,  
nī cian cabhair ōn Chalb[h]ach.
7. Gidh eadh, dā labhart[h]ar lais,  
mac na flatha ō bhruach Bearnais —  
fā[th] 'ma ndēantar um ól air —  
do-g[h]ēabhthar ór 'na aghaidh.
8. Tug Dia mar dhearlagadh dhó  
fírinne ráidh, fos flatha —  
crann cumhra *gan* cheilg, *gan* cho[i]r —  
umhla *gan* fheirg, *gan* uamha[i]n.
9. Cúis bhuidheachais ar Dhia dhó,  
mac Maghnais — mórach anma!:  
bī[dh] gean *gach* aonduine air  
ar feadh caomhmuighe Cobhthaigh.
10. Riar na n-aoidheadh bhíos 'na bhrugh  
do-bheir Dia don óg uasal —  
le mbí searc *gach* éinfhir air,  
beart do chéimibh an Chalb[h]aigh.
11. Dā madh lais ionnmhas chlann gCuinn,  
an Calb[h]ach caomh Ó Domhnaill,  
gearr go sgaoilfeadh sē fa seach  
[i]s nī mhaoidhfeadh é ar aoinneach.
12. Lūireach Chríosa dā chumhdach sin,  
an Calb[h]ach Ruadh, dā-ríribh;  
maith a ghlór 's a ghníomh fa seach;  
dā dhīon as lór an lūireach.

*Léamha lámhscríbhinne* 1a. chriost; 1b. cathshluaigh; 2a. Criost;  
3c. cáigh; 4a. imghidh; 7b. béarnais; 7c. na (*in áit* 'ma); 8a. dheárla-  
cadh; 8b. flathó; 8c. cúmhra; 9a. buídhe a chaís; 9d. caomhmuighe;  
12a. chriost; 12b. rúadh.

#### AISTRIÚCHÁN

Muiris son of Brian Óg Ó Maoil Chonaire composed this poem for the  
aforesaid Calbhach Ruadh:

1. Christ's breastplate around An Calbhach Ruadh, holder-back of enemies, leader of war-hosts, the full moon for whom my love is most strong; may my enduring patron be safe.
2. May Christ shield him from evil; may God shelter him from danger; a branch of the regal dynasty, he is not a likeness of his enemy.
3. Through the Virgin praying for him, may God watch over An Calbhach, the clear sun from the fort of Raoirinn, from the ill-will of all [who bear it] against him.
4. May the power of enemies not inflict itself upon him, An Calbhach, our fruitful tree — considering that, of [all] the noble blood of Conn's plain, only the one single nut of the cluster survives.
5. At time[s] when he is being done harm, may the fruitful tree — in my opinion, a beneficial tree — of Tír Chonaill never be caught unawares.
6. In addition, let him hold out against what evil he will encounter; let him not fear danger; help is not far from An Calbhach, generous warrior who has not [ever] invited criticism.
7. Moreover, if one speaks [in poetry] on behalf of the youthful prince from the border of Barnesmore, gold will be received in return — a reason he is made for at [times of] drinking.
8. As a gift, God has given him truthfulness of speech, princely steadfastness [and] angerless, fearless humility — [this] guileless, blameless, fragrant tree.
9. He, the son of Maghnas, has reason to thank God: everyone loves him, all around Cobhthach's fair plain — something that increases [his] renown.
10. God gives the noble youth the [means of] providing for the guests who frequent his abode — [a reason] for which every man loves him, an instance of An Calbhach's deeds.
11. If [all] the wealth of Conn's families were his, it would not be long before handsome An Calbhach Ó Domhnaill distributed it bit by bit, and he would not begrudge it to anyone.
12. In earnest, may Christ's breastplate protect An Calbhach Ruadh; his words and his deed[s], respectively, are good; for his protection, the breastplate is sufficient.

## NÓTAÍ

1c. *dar treise*: Ba shoiléire *dan treise*. Is léir ón gcomhthéacs gurb é a bhí i gceist ag an bhfile ná an réamhfocal *do* + an fhoirm choibhneasta den aimsir láithreach den chopail; féach freisin *A ghéig ... / dar dú umhla et urruim*, ‘O ... branch ... to whom ... are due’, i ndán eile a chum Muiris don Chalbhadh (*Beannacht chugaibh, a Chalbhaigh; BAR* ii 152, línte 1cd). Bíodh is go bhfuil sé tugtha le fios ag McKenna (*Bard. Synt. Tr.* 162) go raibh *dar* (gan séimhiú ina dhiaidh) agus *dan* in-mhalartaithe lena chéile san aimsir láithreach, níl aon sampla ar m’eolas d’úsáid *dar* ar an gcaoi seo i lámhscríbhinn agus easpa shéimhithe ina dhiaidh deimhnithe ag an meadaracht.

1d. *seise*: Maidir leis an aistriúchán ‘patron’, féach *as tú mo chéile a Chalbhaigh* i ndán eile a chum Muiris don Chalbhadh (*Beannacht chugaibh, a Chalbhaigh; BAR* ii 152, líne 2d).

2a. *olc*: Tá úsáid an tuisil áinsíoch anseo (i ndiaidh *ar*, ‘against’) ceart de réir ghnáthchleachtas na bhfilí. Féach a leithéid chéanna in: *ní thig díom díon ar a hollc / do bhríogh a locht tríom ag teacht (DDána 44.2cd)*; *a-tá bladhad is bríogh a guidhe / ag díon na mban uile ar olc (: locht) (Magauran 13.5cd, = línte 1433–4)*; *a agra ort ní dú dháibh / is tú ar gach n-olc gá n-eadráin (Magauran 19.37cd, = línte 2494–5)*.

2c. *bhíodhbhaidh*: Tá úsáid na foirme neamhchlasaici seo deimhnithe ag an gcomhardadh le *ríoghraidh* (líne 2d). Seans gur chóir *bíodhb[h]adh* a léamh i línte 1b agus 4a freisin. Tá *bíodhbha((i)dh)* coitianta i litríocht iarchlasaiceach na 17ú haoise — i bhfilíocht aiceanta an Chéitinnigh, cuir i gcás: *líog-chnoc : díthreabh : chlaoidhte : bhíodhbhadh (Keat. Poems, línte 745–8; samplaí eile: línte 35, 642 srl.)*. Tá an próiseas céanna le feiceáil sa chomhardadh briste idir *tíodhlaigthe* (áit a mbeadh *-iodhl-* sa teanga chlasaiceach) agus *díoghruisi* i ndán i meadaracht shiollach a cumadh sa chéad leath den 17ú céad (*LBranch 72.17ac, = línte 7186–8*).

3d. *ráith Raoireann*: ‘the fort of Raoirinn’; is dócha gurb ionann é seo is Mullach Raoileann (‘Mullaghreelion’), gar do Bhaile Átha Í i gCo. Chill Dara (féach *Onom.*, s.n. *Rairiu*).

4a. *nar imghidh air* (lámhscríbhinn): (i) Ó thaobh dheireadh an bhriathair de, glacaim leis gur scríobhaí faoi deara *-idh* na lámhscríbhinne, agus tá sé seo coigeartaithe agam go *-e*. Cé go bhfuil samplaí ar fáil ón 17ú haois d’úsáid an táscaigh i gcásanna áirithe san áit a n-úsáidí an modh foshuiteach sa Nua-Ghaeilge chlasaiceach (féach, mar shampla, Mac Cárthaigh ‘Three poems by Maol Muire Ó hUiginn’, III.3c agus nóta), ní fios dom aon sampla ón gcéad sin d’úsáid an táscaigh i ndiaidh *go n-* nó *nar* agus guí á cur in iúl. (ii) Ó thaobh a fhréimhe de, ní clasaiceach do *imgh-* (a bhfuil a úsáid anseo deimhnithe ag an meadaracht). An fhréamh dhéshiollach dhochoimrithe *imthigh- / imdhigh-* atá ceart de réir *IGT* iii § 65. (iii) Tá úsáid (neamhchlasaiceach) *imgh-* sách coitianta sa chéad leath den 17ú haois; féach, mar

shampla: (a) i gcomhardadh i ndánta: *gibé ris gach aimsir imgheas, / is é d'aimsigh imreas áigh* (Keat. *Poems* 1311–2); *Dá n-imghiodh duine re dán / fa chniodh don chuire ríogh* (C. Ní Dhomhnaill, *Duan-airacht* (Baile Átha Cliath 1975) 17.3ab, lch 108); (b) i bprós: *tar ceann go n-imgheann léna ghoin ar fud an fhásaigh, go bhfaghann bás 'na dhiaidh sin* (TSh. 80.2517–8); *achd imdh[igh]eadh go tigh na bpian 's go teaghlach Luicifi r* (C. Ó Maonaigh (ed.), *Scáthán shacramuinte na haithridhe* (Baile Átha Cliath 1952) 164.5380–5381; eagarthóir an téacs a chuir isteach *-[igh]-*). (iv) Is cosúil gur mar seo a tharla sa tréimhse iarchlasaiceach: gur cailleadh *-th/-dh-* na fréimhe clasaicí *imthigh / imdhigh*, rud a d'fhág an fhréamh iarchlasaiceach *imigh* — fréamh nua (ní hionann is an fhréamh chlasaiceach) a bhféadfaí í a choimriú, agus ar tosaíodh ar í a choimriú (trí analach, is dócha, le briathar ar nós *imir*), rud a thug an (3ú pearsa uatha, modh tásach, faí ghníomhach) aimsir láithreach *imghidh*, aimsir ghnáthchaite *-imgheadh* srl. Roimhe seo, sa Nua-Ghaeilge chlasaiceach, bhí na briathra *imir* (aimsir chaite *do imir*, aimsir fháistineach *imeóraidh* srl., aimsir láithreach *imridh*, IGT iii § 46) agus *imthigh / imdhigh* (aimsir chaite *do imthigh / do imdhigh*, aimsir fháistineach *imtheóghaidh / imdheóghaidh* srl., aimsir láithreach *imthighidh / imdhighidh*, IGT iii § 65) an-chosúil lena chéile ó thaobh réimnithe de, ach amháin nach raibh cead ag na filí *imthigh / imdhigh* a choimriú (féach *ní chasann aenfhocal de tríd síis*, IGT iii § 65, .i. 'ní choimrítear aon cheann de na briathra seo'); ní nach ionadh, mar sin, go múnlófaí réimniú an bhriathair inchoimrithe iarchlasaicigh *imigh* ar bhriathar ar nós *imir*. (v) Tá *im(thi)ghidh* ar sa chiall 'happens to, befalls, overtakes etc.' coitianta; féach, mar shampla: *cia do imdhéaghadh orra / 's a himdhéanamh eatorra?*, 'who would dare attack them were that ornamental banner seen within their ranks?' (*Aithd. Dána* 39.24cd); *Go ndíoghla tú ar imthigh ort, / ná déana síoth ná socrocht*, 'Until thou avenge all that thou hast undergone, make neither peace nor settlement' (*TD* 2.16ab); *An treas cás do imthigh air / ... / ... / gabhthair é le hÍobhalaibh* (*DDána* 16.4), 'The third hardship that overtook Him [i.e. Christ] ... he is arrested by Jews'; *Níl ball dar mballuibh nach bhfuil créachtach. / D'ímigh an ainnis oruin i n-éinfheacht: / An bocht 's an saibhir, an fann 's an tréinfhear* (C. Mhág Craith (ed.), *Dán na mBráthar Mionúr* i (Baile Átha Cliath 1967) dán 49, línte 59–61; ó dhán i meadaracht aiceanta ó lár an 17ú haois), '... misery has befallen us ...'; *gur fulaing se in lan tribloidí ocus tarcuísne so do imtecht air* (*Smaointe B. Chr.* 75.1996–7), 'that He [i.e. Christ] suffered this weight (?) of tribulation and scorn befalling Him'; gheofar samplaí eile in *DIL* s.v. *imm-téit* I (d).

5cd. *sochair* : *d[h]ochair*: Níl aon locht ar *sochar* agus *dochar* a bheith á n-úsáid i gcomhardadh lena chéile ar an gcaoi seo (féach *Bard. Synt. Tr.* 217.2–4).

6a. *olc*: Níl úsáid *olc* (seachas *ulc*, an tabharthach uatha ceart de réir IGT ii § 67) anseo deimhnithe ag an meadaracht. I bhfianaise na



bhfoirmeacha neamhchlasaiceacha i línte 2c agus 4a, áfach, ní féidir talamh slán a dhéanamh de nach ón bhfile féin a tháinig úsáid na foirme *olc* anseo.

6b. *gráin le guasacht*: Is le *gráin re nguasacht* a bheifí ag súil anseo sa Nua-Ghaeilge chlasaiceach; féach, mar shampla, *Ar ndul d'éag ní dheachaidh dhe / an ghráin do gabhadh roimhe* (DDána 86.37ab). Arís, i bhfianaise na bhfoirmeacha neamhchlasaiceacha i línte 2c agus 4a, níl aon choigeartú déanta agam anseo.

6c. *féinnidh fi al nar adhain guth*: Níl uaim cheart sa líne seo de réir ghnáthchleachtas na bhfilí — ba chóir go mbeadh an focal aiceanta leathdhéanach sa líne páirteach in uaim, agus níor chóir go nglacfadh urlann páirt in uaim (féach C. Mhág Craith, 'A note on alliteration in Irish bardic poetry c. 1200 – c. 1650', *Studia Celtica* 4 (1969) 110–111). Is beag eisceacht don dá bhunriail seo a d'aimsigh Mhág Craith, agus an chuid is mó acu sin inchoigeartaithe. D'fhéadfaí uaim cheart a chur ar fáil anseo ach *uch* ('woe, a lamentation, a sigh' srl.) a léamh in áit *guth* na lámhscríbhinne. Tá roinnt mhaith samplaí ann d'úsáid *uch* mar shubstainteach; e.g. *Do-chuaidh ass re crádh croidhe, / do ghabh d'uch is d'eolchuire*, 'She faded away with her heart-torture, she took to groans and complaining' (*O'Hara* 25.32ab); *ó theasda mh'ana éisd mh'uch; / a chara éisd rem éagnach* (DDána 90.25cd); *Beag a ghuth gē mōr a neart, / nī dhēnann sé cnead ná uch* (*O'R. Poems* 15.4ab, = línte 1881–2).

7a. *dā labhart[h]ar lais*: Is léir ón gcomhthéacs gurb é atá i gceist ag an bhfile anseo ná 'má chumtar dán molta dó'. An rud ceannann céanna, is dócha, atá i gceist in: *iomdha fādth libh ag labhra / agus rādth fhir eal-adhna* (*O'R. Poems* 4.25cd, = línte 427–8); agus *iomdha sgol libh ag labhra*, 'many a poet-band praises thee' (*Aithd. Dána* 11.15d). Níl aon sampla eile aimsithe agam de *labhram le* sa tsainchiall áirithe seo ('I speak on behalf of in poetry'), ach tá an frása sách coitianta sa chiall 'I speak, intercede on behalf of'; e.g. *Tearc a-né do labhair liom / an chabhair gémadh hé a ham*, 'Yesterday, when I might have been helped, no one spoke on my behalf' (*Aithd. Dána* 47.3ab); *Buain t'fheirge dot aghuidh dhuinn / biaidh uaimse ar inghin Domhnuill; / 's í aineoghas ar t'fheirg mhé / gan cheilg laibheoras linne*, '... she will save me from thy wrath and will earnestly plead for me' (*Aithd. Dána* 34.22); *Beireadh Peadar is Pól easbal / d'fhéachain nímhe na naoi ngrádth — / bíd tar cheart ag labhradh linne — / tar neart m'fhaghladh sinne slán*, '... may they be speaking for me against the demands of justice' (*Bard. P.* 7.8; samplaí eile de seo: *Bard. P.* 50.1a, 13d; DDána 14.16a, 16.7c, 31.29d); féach freisin a *shaoirthréighe ac labhra lais / caoimhcheile badhbhdha Bernais*, 'his noble characteristics speak for the fierce fair mate of Bearnas' (D. Greene (ed.), *Duanaire Mhéig Uidhir* (Baile Átha Cliath 1972, athchló 1991) 22.6, = línte 2641–2).

7cd. *ndēantar* : *do-g[h]ēabhthar*: Eisceacht is ea an rím idir *-nt-* agus *-bhth-* anseo ó riail Bhriain Uí Chuív ('The phonetic basis of

Classical Modern Irish rhyme', *Ériu* 20 (1966) 94–103, ag 101) nach ndéanann carn consan ina bhfuil consan pléascach comhardadh ach amháin lena leithéid féin; ní ró-annamh eisceachtaí den chineál seo, ámh (féach Mac Cárthaigh, 'Three poems by Maol Muire Ó hUiginn', 74, nóta ar línte 2cd).

11d. D'fhéadfaí an líne seo a aistriú ar shlí eile freisin, 'and he would remind no-one of it' — is é sin 'he would boast of his generosity to no-one'.

*-neach*: Glacaim leis nach bhfuil aon locht ar úsáid an tuisil áin-síoch, *-neach* (in ionad an tabharthaigh, *-neoch*), anseo (i ndiaidh *nī mhaoidhfeadh . . . ar*), ach níl sampla ar bith ar m'eolas ó fhilíocht na scol ina bhfuil úsáid an áinsí (seachas úsáid an tabharthaigh) i ndiaidh *maoidhidh (nī) ar (dhuine)* deimhnithe ag an meadaracht.

EOIN MAC CÁRTHAIGH

*Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath*